2026/1566

14.7.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/1566 ÓN gCOIMISIÚN

an 13 Iúil 2026

lena leagtar síos sonraíochtaí teicniúla na gceanglas i ndáil le sonraí agus na sprioc-amanna chun tuarascálacha meiteashonraí agus cáilíochta bliantúla a chur isteach le haghaidh na topaice 'Úsáid TFC agus ríomhthráchtáil' le haghaidh na bliana tagartha 2027, de bhun Rialachán (AE) 2019/2152 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/2152 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le staidreamh gnó Eorpach, lena n-aisghairtear 10 ngníomh dlí i réimse an staidrimh gnó ([1]), agus go háirithe Airteagal 7(1) agus Airteagal 17(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá sé de cheanglas, de réir Chlár Beartais 2030 don Deacáid Dhigiteach ([2]), sonraí a thabhairt i leith na topaice 'Úsáid TFC agus ríomhthráchtáil', dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/2152, chun faireachán a dhéanamh ar spriocanna digiteacha an Aontais le haghaidh 2030, amhail Táscaire na Déine Digití maidir le claochlú digiteach gnólachtaí, nó glacadh seirbhísí néalríomhaireachta nó na hintleachta saorga. Soláthraítear leis an topaic sin faisnéis le haghaidh beartais éagsúla eile de chuid an Aontais a bhaineann le treoirlínte polaitiúla an Choimisiúin Eorpaigh 2024-2029, amhail an plean nua um rathúnas agus iomaíochas inbhuanaithe na hEorpa agus an Teachtaireacht maidir le Bosca Uirlisí Cuimsitheach an Aontais le haghaidh Ríomhthráchtáil Shábháilte Inbhuanaithe.

(2) Ionas gur féidir cáilíocht na sonraí a mheasúnú agus chun a áirithiú go mbeidh sonraí le haghaidh na topaice 'Úsáid TFC agus ríomhthráchtáil' inchomparáide agus comhchuibhithe, ní mór sprioc-amanna le haghaidh tuarascálacha meiteashonraí agus cáilíochta a leagan amach.

(3) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um an gCóras Staidrimh Eorpach,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Le haghaidh na bliana tagartha 2027, déanfaidh na Ballstáit sonraí le haghaidh na topaice 'Úsáid TFC agus ríomhthráchtáil', dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/2152, a tharchur chuig an gCoimisiún (Eurostat), ar sonraí iad a bheidh i gcomhréir leis na sonraíochtaí teicniúla san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

1. An tuarascáil bhliantúil meiteashonraí ar an topaic 'Úsáid TFC agus ríomhthráchtáil' le haghaidh na bliana tagartha 2027, déanfar í a tharchur chuig an gCoimisiún (Eurostat) faoin 31 Bealtaine 2027.

2. An tuarascáil cháilíochta bhliantúil ar an topaic 'Úsáid TFC agus ríomhthráchtáil' le haghaidh na bliana tagartha 2027, déanfar í a tharchur chuig an gCoimisiún (Eurostat) faoin 5 Samhain 2027.

([1]) IO L 327, 17.12.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/2152/oj.
([2]) IO L 323, 19.12.2022, lgh. 4-26, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2022/2481/oj.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Iúil 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

Sonraíochtaí teicniúla na gceanglas i ndáil le sonraí maidir leis an topaic 'Úsáid TFC agus ríomhthráchtáil'

Athróga	Mar a leagtar amach sa cholún 'Athróg' sa tábla thíos.
Aonad tomhais	Is é an líon fiontar an t-aonad tomhais i gcás fhormhór na n-athróg, agus ba cheart é a sholáthar ina dhearbhluach. I measc na n-eisceachtaí tá na hathróga seo a leanas (1) athróga a bhaineann le fostaithe agus daoine féinfhostaithe (daoine fostaithe), ar cheart an dearbhlíon fostaithe agus daoine féinfhostaithe a sholáthar ina leith, agus (2) athróga a bhaineann le láimhdeachas, luachanna agus costais, ar cheart iad a sholáthar ina milliúin san airgeadra náisiúnta.
An tréimhse thagartha	2026 le haghaidh athróga na n-ábhar: athróga cúlra, díolacháin earraí nó seirbhísí ar líne, díolacháin de chineál Idirmhalartaithe Leictreonaigh Sonraí, sonrascadh agus athróg (92), 2027 le haghaidh gach athróige eile.
An pobal staidrimh	Fiontair ina bhfuil deichniúr fostaithe agus daoine féinfhostaithe nó níos mó i Ranna C go K, M go O agus i ngrúpa 95.1 de NACE Ath. 2.1 Fiontair ina bhfuil níos lú ná deichniúr fostaithe agus daoine féinfhostaithe i Ranna C go K, M go O agus i ngrúpa 95.1 de NACE Ath. 2.1, féadfar na fiontair sin a chumhdach ar bhonn roghnach
Miondealú de réir phríomhghníomhaíocht eacnamaíoch an fhiontair chun comhiomláin náisiúnta a ríomh	Comhiomláin ranna NACE Ath. 2.1 agus ghrúpaí: C+D+E+F+G+H+I+J+K+M+N+O+95.1, D+E Ranna NACE Ath. 2.1: C, F, G, H, I, J, K, M, N, O Rannáin NACE Ath. 2.1: 47, 55 Comhiomláin rannáin NACE Ath. 2.1: 10 + 11 + 12 + 13 + 14 + 15 + 16 + 17 + 18, 19 + 20 + 21 + 22 + 23, 24 + 25, 26 + 27 + 28 + 29 + 30 + 31 + 32 + 33 Comhiomlán rannáin agus ghrúpaí NACE Ath. 2.1: 26.1 + 26.2 + 26.3 + 26.4 + 46.5 + 58.2 + 61 + 62 + 63.1 + 95.1
Miondealú de réir phríomhghníomhaíocht eacnamaíoch an fhiontair ar mhaithe le rannchuidiú le hiomláin an Aontais	Ranna NACE Ath. 2.1: D, E Rannáin NACE Ath. 2.1: 19, 20, 21, 26, 27, 28, 46, 61, 72, 79 Grúpa NACE Ath. 2.1: 95,1 Comhiomláin rannáin NACE Ath. 2.1: 10 + 11 + 12, 13 + 14 + 15, 16 + 17 + 18, 22 + 23, 29 + 30, 31 + 32 + 33, 62 + 63, 69 + 70 + 71, 73 + 74 + 75, 77 + 78 + 80 + 81 + 82
Miondealú de réir an lín fostaithe agus daoine féinfhostaithe	10+, 10-49, 50-249, 250+ Féadfar 0-9, 0-1 agus 2-9 a chumhdach ar bhonn roghnach
Sprioc-am chun na sonraí a tharchur	5 Deireadh Fómhair 2027

Ábhar	Athróg	Cineál
Athróga cúlra	(1) Príomhghníomhaíocht eacnamaíoch an fhiontair	Éigeantach
	(2) An meánlíon fostaithe agus daoine féinfhostaithe	
	(3) Láimhdeachas iomlán, gan CBL a áireamh	
Rochtain ar an idirlíon	(4) Daoine fostaithe a bhfuil rochtain idirlín acu chun críoch gnó	Éigeantach
Úsáid ceangail sheasta leis an idirlíon chun críoch gnó	(5) Úsáid ceangail sheasta leis an idirlíon d'aon chineál	Éigeantach
	(6) Luas íoslódála uasta conraithe an cheangail sheasta idirlín is tapa sna raonta seo a leanas: [0 Mbit/s, < 30 Mbit/s], [30 Mbit/s, < 100 Mbit/s], [100 Mbit/s, < 500 Mbit/s], [500 Mbit/s, < 1 Gbit/s], [≥ 1 Gbit/s]	
Úsáid suímh gréasáin	(7) Suíomh gréasáin a bheith ag an bhfiontar	Éigeantach
	(8) Suíomh gréasáin a bheith ag an bhfiontar a bhfuil tuairisc ar earraí nó ar sheirbhísí air nó a bhfuil faisnéis faoi phraghsanna air	
	(9) Suíomh gréasáin a bheith ag an bhfiontar ar ar féidir ordú ar líne nó áirithint ar líne a dhéanamh	
	(10) Suíomh gréasáin a bheith ag an bhfiontar ar ar féidir le cuairteoirí earraí nó seirbhísí ar líne a shaincheapadh nó a dhearadh	
	(11) Suíomh gréasáin a bheith ag an bhfiontar ar ar féidir rianú a dhéanamh ar orduithe a rinneadh nó a stádas a sheiceáil	
	(12) Suíomh gréasáin a bheith ag an bhfiontar ar a soláthraítear ábhar pearsantaithe le haghaidh cuairteoirí rialta/athfhillteacha	
	(13) Suíomh gréasáin a bheith ag an bhfiontar ar a bhfuil seirbhís comhrá le haghaidh tacaíocht do chustaiméirí	
	(14) Suíomh gréasáin a bheith ag an bhfiontar ar a bhfógraítear folúntais phoist oscailte nó ar ar féidir iarratas ar phost a dhéanamh ar líne	
	(15) Suíomh gréasáin a bheith ag an bhfiontar ar a bhfuil ábhar ar fáil in dhá theanga ar a laghad	
Úsáid na meán sóisialta	(16) Úsáid aon chineáil meán sóisialta	Éigeantach
Díolacháin earraí nó seirbhísí ar líne	(17) Díolacháin earraí nó seirbhísí a bheith faighte ag an bhfiontar ar líne trína shuíomhanna gréasáin nó trína fheidhmchláir	Éigeantach
	(18) Díolacháin earraí nó seirbhísí a bheith faighte ag an bhfiontar ar líne trína shuíomhanna gréasáin nó trína fheidhmchláir margaidh ríomhthráchtála a d'úsáid roinnt fiontar chun earraí nó seirbhísí a thrádáil	
	(19) Luach na ndíolachán earraí nó seirbhísí ar líne	
	(20) Luach na ndíolachán earraí nó seirbhísí ar líne a gineadh trí dhíolacháin a rinneadh trí shuíomhanna gréasáin nó trí fheidhmchláir an fhiontair	
	(21) Luach na ndíolachán earraí nó seirbhísí ar líne a gineadh trí dhíolacháin a rinneadh trí shuíomhanna gréasáin nó feidhmchláir margaidh ríomhthráchtála a d'úsáid roinnt fiontar chun earraí nó seirbhísí a thrádáil	

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/1566/oj

Ábhar	Athróg	Cineál
	(22) Luach na ndíolachán ar líne a gineadh trí dhíolacháin ar líne le tomhaltóirí príobháideacha (Gnólacht le Tomhaltóirí: GleT)	
	(23) Luach na ndíolachán ar líne a gineadh trí dhíolacháin ar líne le fiontair eile (Gnólacht le Gnólacht: GleG) agus leis an earnáil phoiblí (Gnó le Rialtas: GleR)	
	(24) Luach na ndíolachán ar líne a gineadh trí earraí fisiceacha a dhíol ar líne	Roghnach
	(25) Luach na ndíolachán ar líne a gineadh trí earraí nó seirbhísí digiteacha a dhíol ar líne (a soláthraíodh go digiteach)	
	(26) Luach na ndíolachán ar líne a gineadh trí sheirbhísí nach soláthraítear go digiteach a dhíol ar líne	
	(27) Díolacháin ar líne a bheith déanta ag an bhfiontar le custaiméirí atá lonnaithe i dtír an fhiontair féin	Éigeantach
	(28) Díolacháin ar líne a bheith déanta ag an bhfiontar le custaiméirí atá lonnaithe i mBallstáit eile	
	(29) Díolacháin ar líne a bheith déanta ag an bhfiontar le custaiméirí atá lonnaithe sa chuid eile den domhan	
	(30) Luach na ndíolachán ar líne a gineadh trí dhíolacháin ar líne le custaiméirí atá lonnaithe i dtír an fhiontair féin	
	(31) Luach na ndíolachán ar líne a gineadh trí dhíolacháin ar líne le custaiméirí atá lonnaithe i mBallstáit eile	
	(32) Luach na ndíolachán ar líne a gineadh trí dhíolacháin ar líne le custaiméirí atá lonnaithe sa chuid eile den domhan	
	(33) Deacrachtaí a theacht chun cinn agus earraí nó seirbhísí á ndíol le Ballstáit eile: costais arda a bhaineann le táirgí a sheachadadh nó a thabhairt ar ais	Roghnach
	(34) Deacrachtaí a theacht chun cinn agus earraí nó seirbhísí á ndíol le Ballstáit eile: deacrachtaí a bhaineann le gearáin agus díospóidí a réiteach	
	(35) Deacrachtaí a theacht chun cinn agus earraí nó seirbhísí á ndíol le Ballstáit eile: lipéadú táirgí a oiriúnú le haghaidh díolacháin le Ballstáit eile	
	(36) Deacrachtaí a theacht chun cinn agus earraí nó seirbhísí á ndíol le Ballstáit eile: easpa eolais ar theangacha iasachta chun cumarsáid a dhéanamh le custaiméirí i mBallstáit eile	
	(37) Deacrachtaí a theacht chun cinn agus earraí nó seirbhísí á ndíol le Ballstáit eile: srianta ó chomhpháirtithe gnó an fhiontair ar dhíolacháin le Ballstáit áirithe	
	(38) Deacrachtaí a theacht chun cinn agus earraí nó seirbhísí á ndíol le Ballstáit eile: deacrachtaí a bhaineann leis an gcóras CBL i mBallstáit eile	
Díolacháin de chineál Idirmhalartaithe Leictreonaigh Sonraí	(39) Díolacháin earraí nó seirbhísí de chineál Idirmhalartaithe Leictreonaigh Sonraí a bheith faighte ag an bhfiontar	Éigeantach
	(40) Luach na ndíolachán earraí nó seirbhísí de chineál Idirmhalartaithe Leictreonaigh Sonraí	
	(41) Díolacháin de chineál Idirmhalartaithe Leictreonaigh Sonraí a bheith déanta aige le custaiméirí atá lonnaithe i dtír an fhiontair féin	Roghnach
	(42) Díolacháin de chineál Idirmhalartaithe Leictreonaigh Sonraí a bheith déanta aige le custaiméirí atá lonnaithe i mBallstáit eile	
	(43) Díolacháin de chineál Idirmhalartaithe Leictreonaigh Sonraí a bheith déanta aige le custaiméirí atá lonnaithe sa chuid eile den domhan	

Ábhar	Athróg	Cineál
	(44) Luach na díolachán de chineál Idirmhalartaithe Leictreonaigh Sonraí le custaiméirí atá lonnaithe i dtír an fhiontair féin	
	(45) Luach na díolachán de chineál Idirmhalartaithe Leictreonaigh Sonraí le custaiméirí atá lonnaithe i mBallstáit eile	
	(46) Luach na díolachán de chineál Idirmhalartaithe Leictreonaigh Sonraí le custaiméirí atá lonnaithe sa chuid eile den domhan	
Úsáid bogearraí gnó	(47) Úsáid bogearraí Pleanála Acmhainní Fiontraíochta (PAF)	Éigeantach
	(48) Úsáid bogearraí Bainistithe Caidrimh Custaiméirí (BCC)	
	(49) Úsáid bogearraí Faisnéise Gnó (FG)	
An Intleacht Shaorga (IS)	(50) Úsáid teicneolaíochtaí IS chun anailís a dhéanamh ar theanga scríofa	Éigeantach
	(51) Úsáid teicneolaíochtaí IS lena ndéantar an teanga labhartha a thiontú ina formáid meaisín-inléite (aithint cainte)	
	(52) Úsáid teicneolaíochtaí IS lena ngintear an teanga scríofa, labhartha nó cóid ríomhchlárúcháin (giniúint teanga nádúrtha, sintéis chainte)	
	(53) Úsáid teicneolaíochtaí IS lena ngintear pictiúir, físeáin, fuaim/closán	
	(54) Usáid teicneolaíochtaí IS lena sainaithnítear nithe nó daoine bunaithe ar íomhánna nó ar fhíseáin (aithint íomhánna, próiseáil íomhánna)	
	(55) Úsáid na meaisínfhoghlama chun anailís a dhéanamh ar shonraí	
	(56) Úsáid teicneolaíochtaí IS lena ndéantar sreafaí oibre éagsúla a uathoibriú nó lena dtugtar cúnamh don chinnteoireacht	
	(57) Úsáid teicneolaíochtaí IS lena gcumasaítear gluaiseacht fhisiceach meaisíní trí chinntí uathrialacha atá bunaithe ar bhreathnóireacht ar an timpeallacht	
	(58) Úsáid bogearraí nó córas IS le haghaidh margaíochta nó díolachán	
	(59) Úsáid bogearraí nó córas IS le haghaidh próisis táirgthe nó próisis seirbhíse	
	(60) Úsáid bogearraí nó córas IS chun próisis riaracháin gnó nó bainistithe gnó a eagrú	
	(61) Úsáid bogearraí nó córas IS le haghaidh lóistíochta	
	(62) Úsáid bogearraí nó córas IS le haghaidh slándáil TFC	
	(63) Úsáid bogearraí nó córas IS le haghaidh cuntasaíochta, rialú nó bainistiú airgeadais	
	(64) Úsáid bogearraí nó córas IS le haghaidh taighde agus forbartha (T&F) nó le haghaidh gníomhaíocht nuálaíochta, cé is moite de thaighde ar an Intleacht Shaorga	
	(65) Doiciméid a bheith ag an bhfiontar ina leagtar amach treoracha, cleachtais nó nósanna imeachta maidir leis an úsáid a bhaineann sé as teicneolaíochtaí IS	Roghnach
	(66) Úsáid bogearraí/córais IS atá forbartha ag fostaithe an fhiontair féin le haghaidh an fhiontair (lena n-áirítear na fostaithe sin atá fostaithe sa mháthairfhiontar nó i bhfiontair chleamhnaithe)	

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/1566/oj
IO L, 14.7.2026

Ábhar	Athróg	Cineál
	(67) Úsáid bogearraí/córais IS atá forbartha ag soláthraithe seachtracha le haghaidh an fhiontair	
	(68) Úsáid bogearraí IS foinse oscailte saor in aisce nó ar tháille	
	(69) Úsáid bogearraí IS foinse iata saor in aisce nó ar tháille	
	(70) Bogearraí IS foinse oscailte agus/nó foinse iata a mhodhnú trí fhostaithe an fhiontair agus/nó trí sholáthraithe seachtracha	
	(71) Breithniú a dhéanamh ar úsáid teicneolaíochtaí IS, go sonrach maidir le hathróga éigeantacha (50)-(57)	
	(72) Gan teicneolaíochtaí IS a úsáid toisc gur cosúil go bhfuil na costais ró-ard	
	(73) Gan teicneolaíochtaí IS a úsáid toisc go raibh easpa saineolas ábhartha san fhiontar	
	(74) Gan teicneolaíochtaí IS a úsáid mar gheall ar neamh-chomhoiriúnacht don trealamh, do na bogearraí nó do na córais atá ann cheana	
	(75) Gan teicneolaíochtaí IS a úsáid mar gheall ar dheacrachtaí maidir le hinfhaighteacht nó cáilíocht na sonraí is gá	
	(76) Gan teicneolaíochtaí IS a úsáid mar gheall ar ábhair imní maidir le sárú ar chosaint sonraí agus ar phríobháideachas	
	(77) Gan teicneolaíochtaí IS a úsáid toisc go raibh easpa soléireachta ann maidir leis na hiarmhairtí dlíthiúla	
	(78) Gan teicneolaíochtaí IS a úsáid mar gheall ar bhreithnithe eiticiúla	
	(79) Gan teicneolaíochtaí IS a úsáid toisc go meastar nach bhfuil siad úsáideach don fhiontar	
Úsáid seirbhísí néalríomhaireachta	(80) Seirbhísí néalríomhaireachta íoctha a úsáid	Éigeantach
	(81) Úsáid ríomhphoist mar sheirbhís néalríomhaireachta íoctha	
	(82) Úsáid bogearraí oifige mar sheirbhís néalríomhaireachta íoctha	
	(83) Úsáid feidhmchlár bogearraí airgeadais nó cuntasaíochta mar sheirbhís néalríomhaireachta íoctha	
	(84) Úsáid feidhmchlár bogearraí pleanála acmhainní fiontraíochta (PAF) mar sheirbhís néalríomhaireachta íoctha	
	(85) Úsáid feidhmchláir bogearraí bainistíochta caidrimh custaiméirí (BCC) mar sheirbhís néalríomhaireachta íoctha	
	(86) Úsáid feidhmchlár bogearraí slándála mar sheirbhís néalríomhaireachta íoctha	
	(87) Óstáil bhunachair sonraí an fhiontair mar sheirbhís néalríomhaireachta íoctha	
	(88) Úsáid stórála comhad mar sheirbhís néalríomhaireachta íoctha	

Ábhar	Athróg	Cineál
	(89) Úsáid cumhachta ríomhaireachta chun bogearraí an fhiontair féin a reáchtáil mar sheirbhís néalríomhaireachta íoctha (90) Úsáid ardáin ríomhaireachta lena soláthraítear timpeallacht óstáilte le haghaidh forbairt, tástáil nó cur chun úsáide feidhmchlár mar sheirbhís néalríomhaireachta íoctha (91) Úsáid bogearraí agus córas IS lena ngintear téacs, íomhánna, físeáin, ábhar fuaime nó cóid mar sheirbhís néalríomhaireachta íoctha	
	(92) Costas iomlán na seirbhísí néalríomhaireachta a cheannaigh an fiontar	Roghnach
Sonrascadh	(93) Sonraisc a sheoladh i bhfoirm leictreonach, i struchtúr caighdeánach atá oiriúnach do phróiseáil uathoibrithe (ríomhshonraisc), seachas tarchur comhad PDF (94) Sonraisc a sheoladh i bhfoirm leictreonach nach bhfuil oiriúnach do phróiseáil uathoibrithe, lena n-áirítear tarchur comhad PDF (95) Sonraisc a sheoladh i bhfoirm pháipéir (96) Ríomhshonraisc a sheoladh, i struchtúr caighdeánach atá oiriúnach do phróiseáil uathoibrithe, arna gcatagóiriú ar bhonn chéatadán na sonrasc iomlán a seoladh, laistigh de na raonta seo a leanas: [0, < 10], [10, < 25], [25, < 50], [50, < 75], [75, 100]	Éigeantach
TFC agus an comhshaol	(97) Úsáid córas agus réiteach TFC chun tomhaltas fuinnimh an fhiontair a laghdú	Éigeantach
	(98) Úsáid córas agus réiteach TFC chun an t-ábhar a úsáidtear a laghdú (lena n-áirítear tomhaltáin) nó chun feabhas a chur ar úsáid ábhair athchúrsáilte	
	(99) Faireachán agus cainníochtú a dhéanamh ar an tionchar a bhíonn ag córais nó réitigh TFC a úsáid ar thomhaltas fuinnimh agus/nó ábhair	Roghnach
	(100) Trealamh TFC a dhiúscairt i mbailiú/athchúrsáil dramhaíola leictreonaigh (lena n-áirítear é a fhágáil faoin miondíoltóir lena dhiúscairt) nuair nach n-úsáidtear a thuilleadh é	Éigeantach
	(101) Trealamh TFC a choimeád san fhiontar nuair nach n-úsáidtear a thuilleadh é	
	(102) Trealamh TFC a dhíol, a thabhairt ar ais d'fhiontar léasúcháin nó a dheonú nuair nach n-úsáidtear a thuilleadh é	

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/1566/oj